AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.9.2023
COM(2023) 505 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le comhlíontacht an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh leis na ceanglais i dtaca leis an áit a mbeidh a shuíomh

GA GA

## 1 RÉAMHRÁ

I gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, roghnaigh na 27 mBallstát eile, ar imeall na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 20 Samhain 2017, Páras na Fraince mar shuíomh nua an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE)[1].

Leagtar síos an áit ina mbeidh suíomh ÚBE in Airteagal 7 de Rialachán bunaidh ÚBE[2] ('rialachán ÚBE'), nár mhór a leasú[3], dá bhrí sin, chun an suíomh a bhogadh ó Londain go Páras. Chomh maith leis an áit ina mbeidh an suíomh a athrú, leis an leasú ar rialachán ÚBE, tugadh isteach ceanglais nua áirithe maidir leis an áit ina mbeidh an suíomh, mar aon le hoibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú faoin 30 Márta 2019 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin maidir le comhlíontacht ÚBE leis na ceanglais sin.

De réir Airteagal 7 de Rialachán ÚBE: '*Ní dhéanfaidh an áit a mbeidh suíomh Údarás difear d'fhorghníomhú chúraimí agus chumhachtaí an Údaráis, d'eagar a struchtúir rialaithe, d'oibriú a phríomheagraíochta, ná do phríomh-mhaoiniú a chuid gníomhaíochtaí, agus ag an am céanna, i gcás inarb infheidhme, tabharfar deis do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais seirbhísí tacaíochta riaracháin agus seirbhísí bainistithe saoráidí nach bhfuil baint acu le croíghníomhaíochtaí an Údaráis a chomhroinnt*'.

Chuir ÚBE an t-ionchur is gá ar fáil chun na ceanglais tuairiscithe sin a chomhlíonadh. Foilsíodh na chéad cheithre thuarascáil in 2019[4], 2020[5], 2021[6] agus 2022[7]. Is í seo an cúigiú tuarascáil faoin oibleagáid tuairiscithe sin.

## 2 COMHAONTÚ CEANNCHEATHRÚN ÚBE

An Comhaontú Ceanncheathrún (dá ngairtear 'CC' anseo feasta) le Rialtas na Fraince, a síníodh i bPáras an 6 Márta 2019, ghlac an *Assemblée nationale* é an 17 Feabhra 2022. Formheasadh CC sa *Sénat* an 19 Iúil 2022 agus foilsíodh é ina dhiaidh sin in Iris Oifigiúil na Fraince an 30 Iúil 2022.

Chomh maith leis na ceanglais atá i bPrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh[8], le CC tugtar teideal do bhaill foirne ÚBE cead cónaithe speisialta FI (*Fonctionnaire International*) a fháil, lena bhfianaítear a stádas mar státseirbhísigh idirnáisiúnta sa Fhrainc (rud atá infheidhme freisin maidir le baill teaghlaigh). Tá ÚBE i mbun plé le hOifig Prótacail Aireacht na hEorpa agus na nGnóthaí Eachtracha

---

[1] An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (Airteagal 50), an 20 Samhain 2017: https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2017/11/20/european-banking-authority-to-be-relocated-to-city-country/

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[3] Rialachán (AE) 2018/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i dtaca leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (IO L 291, 16.11.2018, lch. 1).

[4] COM (2019) 451 final.

[5] COM (2020) 317 final.

[6] COM (2021) 771 final

[7] COM (2022) 387 final

[8] IO C 202, 7.6.2016, lgh. 266–272

agus leis na hÚdaráis Custam chun a áirithiú go bhfuil próiseas rianúil ann maidir le teacht na mball foirne agus a dteaghlach chun na Fraince, le soláthar na gceadanna cónaithe speisialta agus le cur i bhfeidhm na bpribhléidí cánach ar ÚBE. Ó mhí Aibreáin 2023, fuair 285 bhall foirne agus bhall teaghlaigh ceadanna cónaithe speisialta, tá iarratas breise amháin á phróiseáil agus cuireadh ar ais 47 gcead cónaithe speisialta mar gheall ar dheireadh fostaíochta.

Le hAirteagal 9 de CC, díolmhaítear ÚBE ó CBL a thabhaítear ar speansais oifigiúla i gcás inar mó méid an tsonraisc glan ó CBL ná EUR 150. Sa chleachtas, tá an CBL ar cheannacháin na Fraince agus ar cheannacháin a bhfuil feidhm ag scéim MOSS[9] (Mion-ionad ilfhreastail CBL) ina leith á íoc ag ÚBE, agus éilíonn sé an CBL sin ar ais ó rialtas na Fraince. Ó mhí Aibreáin 2023, d'éiligh ÚBE aisíocaíocht EUR 4 934 565, agus fuarthas EUR 4 569 424 de sin.

Níor athraíodh an fhaisnéis maidir le Scoil Eorpach Pháras-La Défense in Courbevoie i ndáil leis an tuarascáil roimhe seo cé is moite den líon páistí atá cláraithe sa scoil. Le haghaidh na scoilbhliana 2022-2023, cláraíodh 32 leanbh de bhaill foirne ÚBE sa scoil.

## 3 RIALACHAS, OIBRÍOCHTAÍ AGUS FORGHNÍOMHÚ CÚRAIMÍ ÚBE

Ní dhearnadh difear do chúraimí agus cumhachtaí ÚBE, d'eagar a struchtúir rialaithe, d'oibriú a phríomheagraíochta, ná dá phríomh-mhaoiniú, le hathlonnú na háite a mbeidh a shuíomh. Tá ÚBE ag feidhmiú go hiomlán ina oifigí nua i bPáras ó bhí tús mhí an Mheithimh 2019 ann.

Ní raibh tionchar ag athlonnú shuíomh ÚBE go Páras ar phríomh-mhaoiniú ghníomhaíochtaí ÚBE ag an Aontas Eorpach agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Ar leithligh ón maoiniú sin, tá rialtas na Fraince ag soláthar 8.5 milliún euro chun costais oifigí Pháras a chumhdach. Déantar an maoiniú sin a roinnt idir EUR 1.5 milliún le haghaidh costais bhunaithe, méid a fuarthas agus a caitheadh cheana, agus EUR 7.0 milliún le haghaidh costais léasa leanúnacha, méid atá le fáil i gcaitheamh na tréimhse naoi mbliana den léas ionas go mbeifear in ann na himpleachtaí buiséadacha a dhéanamh níos réidhe. Go dtí seo, shonrasc agus fuair ÚBE EUR 6 225 000 faoin gcomhaontú sin.

### Seirbhísí tacaíochta riaracháin a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais

Oibríonn ÚBE go gníomhach i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar ábhair riaracháin, agus bíonn cruinnithe rialta ann idir aonaid riaracháin choibhéiseacha an dá ghníomhaireacht.

Shínigh ÚBE Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse le ESMA chun seirbhísí cuntasaíochta a sholáthar, agus ó bhí mí Iúil 2021 ann, tá na seirbhísí sin á soláthar ag ÚBE do ESMA. Tá Oifigeach Cuntasaíochta agus Cúntóir Cuntasaíochta ÚBE á roinnt idir an dá ghníomhaireacht, rud a fhágann gur féidir acmhainní a úsáid ar bhealach níos

9 CBL ar sheirbhísí digiteacha/MOSS: Cé na seirbhísí a chumhdaítear? - An Eoraip Agatsa (europa.eu)

éifeachtúla. Cheap Bord Bainistíochta ESMA Oifigeach Cuntasaíochta ÚBE mar Oifigeach Cuntasaíochta ESMA le héifeacht ón 1 Iúil 2021.

Oibríonn ÚBE go dlúth le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh atá bunaithe sa Fhrainc maidir lena nósanna imeachta soláthair, go háirithe le ESMA. Sa tábla san Fhoscríbhinn, déantar achoimre ar an ngníomhaíocht sa réimse seo. Ina theannta sin, tá ÚBE agus ESMA rannpháirteach i líonra oifigeach soláthair de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta atá bunaithe i bPáras.

**EMAS agus bainistíocht chomhshaoil**

Ó bhí 2021 ann, tá comhordaitheoirí comhshaoil ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC ag teacht le chéile go tráthrialta, uair sa ráithe ar a laghad, chun doiciméid agus dea-chleachtais chomhshaoil a chomhroinnt i réimsí na bainistíochta comhshaoil, an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus chur chun feidhme EMAS (an Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht). An 11 Lúnasa 2022, tugadh fógra do ÚBE faoina chlárúchán rathúil le EMAS. Oibríonn na trí ghníomhaireacht sin i gcomhar le chéile freisin i Líonra Glasúcháin na ngníomhaireachtaí Eorpacha. Ina theannta sin, i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 bhí ionadaithe ÚBE agus ESMA rannpháirteach in iniúchtaí inmheánacha EMAS a chéile mar bhreathnóirí.

**Saoráidí a roinnt**

I mí an Mhárta 2023, bhain CPVO[10] úsáid as seomraí cruinnithe ÚBE chun dhá lá oiliúna a chur ar ghrúpaí saineolaithe. Tá úsáid bainte ag ÚBE freisin as saoráidí ESMA le haghaidh cruinnithe lasmuigh den láthair. I mí an Mhárta 2023, shínigh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha (ÚME) comhaontú comhair lenar ceadaíodh do ÚBE agus do ÚEÁPC TESTA TAP[11] arna shuiteáil le haghaidh ESMA ag an lárionad sonraí in Aubervilliers a roinnt.

**Comhar eile**

Le linn phaindéim COVID-19, bhunaigh ÚBE líonra le ESMA, Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol), Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun plé a dhéanamh ar na bealaí nua oibre, vacsaíniú, rialacha teilea-oibre, agus nithe coiteanna eile gach ráithe.

**Comhar maidir le tionscadail chomhpháirteacha ÚMEnna**

Tá ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC ag obair ar thionscadal comhpháirteach (faoi stiúir ÚEÁPC), arb é is aidhm dó córas a bhunú chun gur féidir le húdaráis inniúla faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le measúnú ar oiriúnacht agus ar chuibheas sealbhóirí sealúchas cáilitheach, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

---

10 An Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí

11 Pointe Rochtana Lándéanta Seirbhísí Tras-Eorpacha le haghaidh Teileamaitice idir Riaracháin

Tá na trí ÚME ag comhoibriú go dlúth le chéile freisin maidir leis na hullmhúcháin do DORA[12] agus do MiCA[13].

## 4 CONCLÚIDÍ

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ní dhearnadh difear d'fhorghníomhú chúraimí agus chumhachtaí ÚBE, dá struchtúir rialachais, dá phríomheagraíocht, ná do mhaoiniú a chuid gníomhaíochtaí le hathlonnú a shuímh go Páras, ná leis na socruithe comhair riaracháin le ESMA agus ÚEÁPC a dtugtar tuairisc orthu thuas, nach bhfuil baint acu le croíghníomhaíochtaí ÚBE.

## FOSCRÍBHINN

| **Príomhghníomhaireacht** | **Gníomhaireachtaí rannpháirteacha** | **Nós imeachta** | **Stádas** |
|---|---|---|---|
| ESMA | ÚBE | Comhairleacht bainistithe saoráidí agus seirbhísí fáiltithe | Creatchonradh a síníodh i mí na Bealtaine 2019 |
| ÚBE | ESMA | Oiliúint agus tástáil teanga | Creatchonradh a síníodh i mí |
| ESMA | ÚBE | Comhairleacht TFC | Eanáir 2020 Creatchonradh a |
| ESMA | ÚBE | Foireann eatramhach | síníodh in R4 2020 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí bainistithe dramhaíola | Creatchonradh a síníodh i mí na |
| ÚBE | CPVO ESMA | Soláthar leictreachais | Samhna 2020 Creatchonradh a |
| ÚBE | | Plandaí & bláthanna | síníodh i mí Feabhra 2021 Creatchonradh a síníodh i mí na Bealtaine 2021 Creatchonradh a síníodh i mí na Bealtaine 2021 |
| ÚBE | ESMA + 9 ngníomhaireacht eile | Comhairleacht cosanta sonraí | Creatchonradh a síníodh i mí na Samhna 2021 |
| ÚBE | ESMA, EUISS[14], EUSPA[15] | Seirbhísí leighis | Creatchonradh a síníodh i mí |

[12] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

[13] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40)

[14] Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála

[15] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | na Nollag 2021 |
| ÚBE | ESMA, ÚEÁPC | Seirbhísí líonra bainistithe | Creatchonradh a síníodh i mí |
| ÚBE | ESMA | Iniúchadh seachtrach ar chuntais bhliantúla | an Mheithimh 2022 |
| ESMA | ÚBE, ÚEÁPC | Forbairt, cothabháil agus tacaíocht feidhmchláir TF | Conradh a síníodh i mí an Mheithimh |
| ESMA | ÚBE | Oiliúint forbartha scileanna teicniúla | 2022 Creatchonradh |
| ÚBE | CPVO | Soláthar leictreachais | a síníodh i mí Eanáir 2023 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí comhairleachta tacaíochta corparáidí | Creatchonradh a síníodh i mí Feabhra 2023 Síniú beartaithe le haghaidh R2 2023 Síniú beartaithe le haghaidh R2 2023 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí glantacháin | Síniú beartaithe le haghaidh R3 2023 |
| ÚBE | ESMA | Oiliúint agus tástáil teanga | Síniú beartaithe le haghaidh R3 2023 |
| ÚBE | ESMA | Seirbhísí cumarsáide straitéisí agus digití | Síniú beartaithe le haghaidh R1 2024 |